



OLLSCOIL NA  
GAILLIMH  
UNIVERSITY  
OF GALWAY

Coláiste na hEolaíochta  
& na hInnealtóireachta  
College of Science  
& Engineering



BSc

Bith-theicneolaíocht

GY304

University  
ofGalway.ie

# BSc Bith-theicneolaíocht

## Cén fáth a roghnófa an cúrsa?

An Bhith-theicneolaíocht an cúrsa is fearr duitse má thaitníonn an bhitheolaíocht leat agus má theastaíonn uait foghlaim faoin gcaoi a bhfuil an dul chun cinn ceannródaíoch atá ag tarlú sa bhitheolaíocht mhóilíneach agus sa teicneolaíocht in úsáid le cóireáil a chur ar othair, le dul i ngleic le ganntanas bia, le breoslaí nua glasa a chruthú agus leis an timpeallacht a ghlanadh.

Tá tionscail Biopharma agus Biotech na hÉireann ag fás i gcónaí agus tá éileamh láidir ann le haghaidh céimithe dea-oilte a bhfuil saintaithí acu.

Saintréithe ár gcéimithe:

- Scileanna teanga; cuireann nuatheanga le do chuid deiseanna fostaíochta
- Socrúcháin; an deis oiliúnt a fháil san earnáil féin nó i saotharlann ar Erasmus san Eoraip
- Modúil fostaíochta; sainoilíúint le thú a ullmhú le haghaidh an mhargaidh fostaíochta
- Ranganna beaga; cuirfidh tú aithne ar do chuid teagascóirí agus bíonn comrádaíocht iontach ann

## Forléargas ar an gCúrsa

Is ionann an Bhith-theicneolaíocht agus feidhm phraiticiúil a bhaint as an mbitheolaíocht ar mhaithe le leas an duine agus na timpeallachta.

Chomh maith leis an eolas a sholáthraíonn an BSc sa Bhith-theicneolaíocht ar an mbitheolaíocht féin, cuireann sé sainoilíúint ar fáil freisin sa chumarsáid, sa ghnó agus i dteangacha.

University  
ofGalway.ie

## Deiseanna Gairme

Tá cáil dhomhanda ar earnáil eolaíochtaí beatha na nÉireann, tá os cionn 85 comhlacht Biopharma/Biotech in Éirinn, agus tá an tír i measc na 5 easportálaí cógaisíochta is mó ar domhan. Braitheann an rath seo ar bhuíon áitiúil daoine tréitheacha a bheith ar fáil. Tá céimithe de chuid an BSc sa Bhith-theicneolaíocht atá againn anseo i nGaillimh tar éis gairmeacha tairbheacha a bhaint amach le scór bliain go leith anuas i réimsí éagsúla d'earnáil na n-eolaíochtaí beatha, chomh maith le gairmeacha sa chúram sláinte, i dtionscal an bhia agus i rólanna a bhaineann le caomhnú na timpeallachta.

## Fad

4 bliana

## Meánlíon mac léinn

28

Bhí ranganna beaga ann sa chúrsa Bith-theicneolaíochta agus mar sin chuireamar aithne ar a chéile go han-tapa, agus bhí caidreamh níos dlúithe leis na léachtóirí againn. Thaitin an éagsúlacht ábhar liom, agus is rud uathúil é teanga a bheith againn i gcomparáid le céimithe eolaíochta eile.

Ben O’Gorman  
Céimí



Tuilleadh eolais  
School of Biological  
and Chemical Sciences



Dr Stephen Rea  
Programme Director  
biotechnology@  
universityofgalway.ie

